CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/856 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Aibreán 2023

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Connecting all European capitals and people through a high-speed train network" [Príomhchathracha agus muintir na hEorpa go léir a nascadh trí líonra traenach ardluais] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 2617)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2023 rinneadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Connecting all European capitals and people through a high-speed train network" [Príomhchathracha agus muintir na hEorpa go léir a nascadh trí líonra traenach ardluais] a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl iad: "chun príomhchathracha na hEorpa go léir a nascadh trí línte iarnróid ardluais. Táimid ag iarraidh ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh gnímh atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun líonra traenach ardluais Eorpach a bhunú a luaithe is féidir. Is éard atá i gceist leis sin na líonraí iarnróid ardluais atá ann cheana féin a nascadh le chéile agus línte ardluais a thógáil sna háiteanna nach ann do na líonraí sin go fóill."

(3) In Iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúlra an tionscnaimh. Mínítear ann go bhfuil an ceart ag gach Eorpach gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de theorainneacha an Aontais, ba cheart dóibh a bheith in ann é a dhéanamh gan beann ar a n-aois, a n-acmhainní airgeadais agus a staid fhisiceach nó a gcumas meabhrach. Maíonn na heagraithe go bhfuil an líonra iarnróid ardluais san Eoraip breis agus 11 500km ar fhad, ach gur cathracha i líon srianta Ballstát go príomha a nasctar leis, agus gur iomaí Ballstát nach bhfuil páirteach sa líon iarnróid ardluais Eorpach. Measann na heagraithe gur cheart líonra iarnróid ardluais Eorpach a bhunú ar na cúiseanna seo a leanas: (i) tá an taisteal traenach inbhuanaithe agus sábháilte; (ii) is rogha mhalartach chompordach ar eitiltí meánaistir iad na traenacha ardluais; (iii) tá traenacha ardluais cuimsitheach agus inrochtana do chách; (iv) cuireann naisc ardluais leis an bhforbairt réigiúnach agus leis an bhfás eacnamaíoch cothrom san Aontas; (v) tá línte iarnróid ardluais ina gcúis le tuilleadh comhtháthaithe agus téann siad chun tairbhe don daonra ar fad. Maíonn na heagraithe go bhfuil sé tábhachtach líonraí éagsúla na mBallstát aonair a nascadh le chéile agus an líonra foriomlán a leathnú, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an líon paisinéirí, chun naisc shábháilte agus inbhuanaithe a chumasú idir daoine san Eoraip.

(4) A mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi Airteagail 170 go 172 den Chonradh togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí lena gcuirtear le bunú agus forbairt líonraí tras-Eorpacha i réimse an iompair agus lena gcuirtear chun cinn idirnascadh agus idir-inoibritheacht na líonraí náisiúnta. Ar bhonn Airteagal 171(2) den Chonradh, ní mór do na Ballstáit, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, comhordú a dhéanamh ar na beartais a shaothraítear ar an leibhéal náisiúnta a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar na cuspóirí sin a bhaint amach. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhart leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh. Thairis sin, leis an dara mír d'Airteagal 172 den Chonradh foráiltear go dteastaíonn formheas an Bhallstáit lena mbaineann maidir le treoirlínte agus tionscadail leasa choitinn a bhaineann le críoch Ballstáit.

(5) Measann an Coimisiún nach léir go dtagann aon chuid den tionscnamh lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

(6) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(7) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(8) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(9) Dá bhrí sin ba cheart an tionscnamh dar teideal "Connecting all European capitals and people through a high-speed train network" [Príomhchathracha agus muintir na hEorpa go léir a nascadh trí líonra traenach ardluais] a chlárú.

(10) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar aon bhealach go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dá bhrí sin clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Connecting all European capitals and people through a high-speed train network" [Príomhchathracha agus muintir na hEorpa go léir a nascadh trí líonra traenach ardluais].

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe ar ghrúpa eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal Connecting all European capitals and people through a high-speed train network [Príomhchathracha agus muintir na hEorpa go léir a nascadh trí líonra traenach ardluais], grúpa a bhfuil Afryea Uiterloo agus Rogier Vergouwen ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 18 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán